## OLLSCOIL LUIMNIGH

## TUAIRISC AN LEAS-UACHTARÁN AIRGEADAIS

### 1 RÉAMHRÁ

Tá na ráitis airgeadais don bhliain go dtí 30 Meán Fómhair 2006 arna n-ullmhú de réir na formáide comhchuibhithe seo atá comhaontaithe go stairiúil agus atá comhfhorbartha ag na hollscoileanna, an tÚdarás um Ard-Oideachas, agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Ullmhaíodh, leis, sraith ráiteas comhdhlúite airgeadais bunaithe ar phrionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta (GAAP) don bhliain go dtí Meán Fómhair 2006, agus tá gníomhaíochtaí fochuideachtaí na hOllscoile ionchorpraithe ann chomh maith leis an gcroí-ioncam agus caiteachas atá leagtha amach sa tsraith ráiteas airgeadais seo.

### 2 IONCAM ATHFHILLTEACH

Tháinig méadú ar ioncam go €92.65 milliún ó €82.49 milliún, arb ionann é sin agus fás sásúil 12.3% níos mó ná an bhliain roimhe.

Mhéadaigh deontas stáit ó €40.72 milliún go €46.4 milliún arb ionann é sin agus fás 14.0%, cé gur mhéadaigh ioncam táille mac léinn 10% ó €38.26 milliún go €42.12 milliún.

Mhéadaigh ioncam ó fhoinsí eile ó €3.51 milliún go €4.12 milliún, ar fás 17.5% é sin, de bharr den chuid is mó méadú ar an ioncam ús taisce, agus méadú ar líon na mac léinn idirnáisiúnta.

### 3 CAITEACHAS ATHFHILLTEACH

Mhéadaigh caiteachas athfhillteach ó €83.58 milliún go €94.16 milliún, méadú 12.7% a léiríonn méadú leanúnach i ndámhachtainí pá, i mboilsciú ginearálta neamhphá agus forbairt straitéiseach ar roinnt clár nua acadúil chun a chur ar chumas an Ollscoil éileamh margaidh agus tosaíochtaí náisiúnta a chomhlíonadh. I láthair na huaire, is léiriú iad costais phá ar 66% den chaiteachas iomlán, rud a chuireann teorainn ar chumas na hOllscoile freagairt do na deiseanna a chomhlíonann cuspóirí straitéiseacha meántéarmacha go fadtéarmacha.

### 4 TAIGHDE CONARTHA AGUS TIONSCADAIL EILE FHÉINMHAOINITHE

Mhéadaigh Taighde Conartha 13% ó €20.67 milliún go €23.38 milliún le linn na bliana faoi athbhreithniú. Is léiriú é an méadú leanúnach ar ioncam taighde conartha ar thiomantas agus ar dhíograis na foirne acadúla taighde gníomhach i gclár taighde na hOllscoile a chur chun cinn. Áirítear ar a bhfuil bainte amach ó thaobh taighde de le linn na bliana bronnadh €4.3 milliún ar Mathematics Applications Consortium for Science and Industry ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), an bronnadh is mó go náisiúnta a tugadh do réimse na matamaitice feidhmí go dtí seo. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go bhfuil tionchar ag ioncam taighde ar ioncam agus caiteachas athfhillteach, go háirithe mar gheall nach bhfuil na forchostais a bhaineann le Taighde clúdaithe mar is cuí ag soláthróirí maoinithe taighde

Mhéadaigh tionscadail féinmhaoinithe 13.9% ó €9.2 milliún go €10.49 milliún, agus léiríonn sé an fócas méadaithe laistigh den Ollscoil ioncam a mhéadú ó fhoinsí Neamhstáit.

## 5 CLÁR CAIPITIL

Is ionann caiteachas caipitil na hOllscoile agus díreach faoi €11 milliún le linn na bliana, bhain €2.9 milliún le trealamh, agus an t-iarmhéid le talamh agus foirgnimh. Is fothacar í an infheistíocht ar chlár forbartha fisiciúil 2005 – 2010 atáthar á chur i bhfeidhm ar an gcampas. Le linn na bliana, tugadh céim a haon de shráidbhaile mac léinn i gCeapach Uí Bhíle chun críche agus tá sé go hiomlán curtha chun feidhme. Áirítear ar thionscadail atá á gcur chun cinn go gníomhach céim a dó de shráidbhaile Cheapach Uí Bhíle, An Droichead Beo, Foirgneamh Teanga, Foirgneamh na Leabharlainne Céim 2, foirgneamh don Irish World Academy of Music and Dance agus Foirgneamh do Scoil Ghnó Kemmy. Tá maoiniú fós á lorg ón Stát do na tionscadail atá ceadaithe ag tuarascáil Kelly.

Tá cur i bhfeidhm rathúil chlár forbartha fisiciúil na hOllscoile indéanta de bharr maoiniú an-suntasach atá á chur ar fáil don Ollscoil ó fhoinsí príobháideacha i gcomhar le maoiniú Stáit. Maidir leis seo, tá an Ollscoil faoi chomaoin go háirithe ag an tacaíocht mhaoinithe a fhaigheann sí ó dheontóirí flaithiúla trína Fondúireacht.

## 6 TÁTAL

Tá an toradh airgeadais don bhliain faoi athbhreithniú míshásúil. In ainneoin ghearradh siar leanúnach i réimsí pá agus neamhphá, agus cur chuige réamhghníomhach chun ioncam Neamhstáit a ghiniúint, tabhaíodh easnamh €1.51 milliún don bhliain airgeadais go Meán Fómhair 2006. Tharla an t-easnamh seo de bharr gannchion leanúnach i maoiniú Stáit chun costais oibríochtúla na hOllscoile a chlúdach, i dteannta leis an tionchar atá ag oibleagáidí reachtúla cosúil leis an Acht um Oibrithe Téarma Socraithe. Cé go bhfáiltítear roimh chur i bhfeidhm shamhail leithdháilte deontais leasaithe, tá sé soiléir nach gcuirfidh an tsamhail maoiniú breise ar fáil don earnáil oideachais agus go bhfuil sé i gceist maoiniú atá ann cheana féin a bhogadh idir na hOllscoileanna. Tugann túsanailís a rinneadh le fios méadú beag d'Ollscoil Luimnigh, rud atá díomách, agus leagann sé tuilleadh béime ar an ngá foinsí difriúla maoinithe a fháil má táimid le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach don Ollscoil.

Thóg an Ollscoil a Plean Straitéiseach cúig bliana chun deiridh le linn na bliana faoi athbhreithniú agus tá pleananna feidhmithe á bhforbairt. Sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta foinse nua mhaoinithe, Ciste Straitéiseach Nuála i mí Iúil 2006, agus d'éirigh le OL dul san iomaíocht sa chéad sraith den chiste sin.

Molaim leis seo tiomantas agus díograis leanúnach fhoireann na hOllscoile ó thaobh aidhmeanna na hOllscoile a chur chun cinn.

**Ailish Quinlivan**
**Leas-Uachtarán Airgeadais**
**19 Eanáir 2007**

**CLÁR COMHARDAITHE** — **AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| | NÓTAÍ | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE** | 17 | 272,468 | 269,901 |
| **INFHEISTÍOCHTAÍ** | 18 | 22,855 | 22,193 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Iarmhéideanna Bainc agus Airgead Tirim | | 36,060 | 39,149 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 19 | 12,522 | 9,607 |
| Stoic | | 43 | 22 |
| | | 48,625 | 48,778 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe agus Caiteachas Fábhraithe | 21 | (52,571) | (60,695) |
| **GLANDHLITEANAIS REATHA** | | (3,946) | (11,917) |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | **291,377** | **280,177** |
| **ARNA IONADÚ AG:** | | **€'000** | **€'000** |
| Cúlchiste Ginearálta | 22 | 270,626 | 258,376 |
| Cúlchistí Srianta | 23 | 22,764 | 22,301 |
| Cúlchiste ioncaim | 24 | (2,013) | (500) |
| | | **291,377** | **280,177** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 33.

Uachtarán

Leas-Uachtarán, Airgeadais

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**

**NÓTA 1**

**DEONTAIS STÁIT**

| | 2006<br>€'000 | 2005<br>€'000 |
|---|---|---|
| Deontas Atarlaithe | 44,256 | 38,042 |
| Sprioc-Mhaoiniú do Thionscnaimh Speisialta | 2,074 | 2,598 |
| Mion-oibreacha | 75 | 75 |
| **Iomlán** | **46,405** | **40,715** |

**NÓTA 2**

**TÁILLÍ MAC LÉINN**

| | 2006<br>€'000 | 2005<br>€'000 |
|---|---|---|
| Táillí Mac Léinn | 41,385 | 37,599 |
| Ioncam ó Tháillí Ilghnéitheach | 734 | 665 |
| **Iomlán** | **42,119** | **38,264** |

**Nóta 3**

**IONCAM EILE**

| | 2006<br>€'000 | 2005<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ús Infhaighte (Glan) | 1,172 | 664 |
| Poist Maoinithe | 95 | 38 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe Ranníoca | 905 | 996 |
| Táillí Neamh AE | 1,950 | 1,746 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 0 | 64 |
| **Iomlán** | **4,122** | **3,508** |

**NÓTA 4**

**CLÁIR THAIGHDE AR CHONRADH AGUS TOGRAÍ EILE FÉINCHISTITHE**

| | 2006<br>€'000 | 2005<br>€'000 |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Chonradh | 23,375 | 20,668 |
| Tograí Eile Féinchistithe | 10,498 | 9,216 |
| **Iomlán** | **33,873** | **29,884** |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS-/ ar lean**

| NÓTA 21 | 2006<br>€'000 | 2005<br>€'000 |
|---|---|---|
| **CREIDIÚNAITHE AGUS CAITEACHAS FABHRAITHE** | | |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 12,830 | 10,678 |
| Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe a fuarthas roimh ré. | 8,134 | 13,090 |
| Táillí Acadúla a fuarthas roimh ré | 7,979 | 19,037 |
| Oibleagáidí Léasa | 0 | 0 |
| Creidiúnaithe agus Fabhraithe eile | 23,628 | 17,890 |
| **Iomlán** | **52,571** | **60,695** |

Tá €3.961m (2005: €1.777m) san áireamh i gCreidiúnaithe amhail an 30 Meán Fómhair 2006 i ndáil le tiomantais fhabhraithe do chaiteachas neamhphá i Ranna Acadúla agus i Seirbhísí Leabharlann.

| NÓTA 22 | 2006<br>Iarmhéid<br>Tosaigh | Gluaiseacht<br>Bliain<br>Reatha | 2006<br>Iarmhéid<br>Deiridh |
|---|---|---|---|
| **Cúlchiste Ginearálta** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Luacháil - Sócmhainní Dochta | 157,328 | - | 157,328 |
| Trealamh Taighde | 9,053 | 368 | 9,421 |
| Deontais Chaipitil Stáit | 75,294 | 10,902 | 86,196 |
| Aistriú Maoiniú Atarlaithe | 29,930 | 1,539 | 31,468 |
| Deonacháin Chaipitil | 55,369 | 4,422 | 59,791 |
| Eile | (15,343) | 1,809 | (13,534) |
| | **311,631** | **19,040** | **330,670** |
| Amúchadh | | | |
| Luacháil - Sócmhainní Dochta | 5,221 | - | 5,221 |
| Trealamh Taighde | (2,881) | - | (2,881) |
| Amúchadh ag teacht le Dímheas Sócmhainní | (79,125) | (8,256) | |
| Lúide Amúchadh Carntha ar Dhiúscairtí | (79,126) | (8,255) | (87,381) |
| **Iomlán** | **258,376** | **12,251** | **270,626** |

| NÓTA 23 | 2006<br>€'000 | 2005<br>€'000 |
|---|---|---|
| **CÚLCHISTÍ SRIANTA** | | |
| Iarmhéid ag tús na bliana | 22,301 | 22,776 |
| Ús ó Tobhaigh Mac Léinn agus Ioncam Eile (Glan) | 463 | (475) |
| **Iarmhéid amhail deiridh na bliana** | **22,764** | **22,301** |

Áirítear leis na cistí sin airgead a leithroinn an Ollscoil chun raon forbairtí caipitil a mhaoiniú lena n-áirítear Foirgneamh Il-chríocha Spóirt agus Ionad Mac Léinn

**NÓTA 24**

**CÚLCHISTE IONCAIM**

| | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | (500) | 592 |
| Easnamh don bhliain | (1,513) | (1,092) |
| **Iarmhéid amhail dheiridh na bliana** | **(2,013)** | **(500)** |

**NÓTA 25**

**(EIS-SREABHADH)/GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA**

| | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|
| Easnamh don bhliain | (1,513) | (1,092) |
| Lúide Ús Infhaighte (Glan) | (1,173) | (664) |
| Dímheas ar Shócmhainní Dochta | 8,255 | 8,132 |
| Amúchadh Cúlchistí Ginearálta | (8,255) | (8,132) |
| Barrachas/(Easnamh) i Seirbhísí Coimhdeacha | 197 | (415) |
| (Méadú) ar Infheistíochtaí | (662) | (630) |
| (Méadú) i bhFéichiúnaithe agus i Réamhíocaíochtaí | (2,915) | (2,625) |
| (Méadú)/Laghdú ar Stoc | (21) | 17 |
| (Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe agus ar Fhabhruithe | (8,124) | 25,376 |
| (Laghdú) ar Dhliteanais Fad-Téarmacha | 0 | (267) |
| Méadú/(Laghdú) ar Chúlchistí Srianta | 463 | (475) |
| **(EIS-SREABHADH)/GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA** | **(13,748)** | **19,225** |

**NÓTA 26**

**ANAILÍS AR ATHRUITHE I NGLAN-CHISTÍ**

| | 30 Meán Fómhair 2005 €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | an 30 Meán Fómhair 2006 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead Tirim | 39,149 | (3,089) | 36,060 |
| Léasanna Airgeadais | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **39,149** | **(3,089)** | **36,060** |

## ACHOIMRE CÚIG BLIANA - CAITEACHAS

| | 2001/02 €'000 | % | 2002/03 €'000 | % | 2003/04 €'000 | % | 2004/05 €'000 | % | 2005/06 €'000 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Coláistí agus Ranna | 37,065 | 44 | 41,583 | 44 | 43,267 | 42 | 47,133 | 42 | 52,459 | 41 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh | 11,384 | 13 | 13,681 | 14 | 17,907 | 17 | 20,668 | 18 | 23,375 | 18 |
| Cláir Féin-Mhaoinithe Eile | 7,763 | 9 | 7,341 | 8 | 8,383 | 8 | 9,216 | 8 | 10,498 | 8 |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 7,971 | 10 | 8,225 | 9 | 8,787 | 9 | 9,134 | 8 | 9,332 | 7 |
| Áitreabh | 8,193 | 10 | 9,164 | 10 | 9,243 | 9 | 10,742 | 9 | 12,197 | 10 |
| Lár-Riarachán agus Seirbhísí | 6,015 | 7 | 6,394 | 7 | 6,697 | 7 | 7,796 | 7 | 10,060 | 8 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 1,037 | 1 | 1,315 | 1 | 1,561 | 2 | 1,678 | 2 | 1,708 | 1 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 2,084 | 2 | 2,066 | 2 | 2,287 | 2 | 2,336 | 2 | 2,533 | 2 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 1,861 | 2 | 2,749 | 3 | 2,562 | 2 | 3,211 | 3 | 4,331 | 4 |
| An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil | 1,839 | 2 | 1,831 | 2 | 2,133 | 2 | 1,549 | 1 | 1,539 | 1 |
| Iomlán | 85,211 | 100 | 94,349 | 100 | 102,827 | 100 | 113,463 | 100 | 128,032 | 100 |

Ní chuimsíonn an achoimre 5 bliana caiteachas a dhein Coláiste Oideachais Mhuire gan Smál ná cuid na hOllscoile do dhíluacháil bhliantúil.